

Ráiteas ó Patricia O'Byrne agus Reinhard Schäler

13 Márta 2014

Admhaímid go bhfuair an litir ó Taoiseach Enda Kenny, T.D., ó 10 Márta 2014, mar fhreagra ar an litir oscailte a scríobhamar chuige, agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis don am a thóg sé chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le na ceisteanna a d'ardaíodh inár litir féin.

Táimid ag feitheamh ar theagmháil ó oifigigh sa Roinn Sláinte gan mhoill, de réir dearbhú an Taoisigh.

Deir an Taoiseach go díreach ina litir go bhfuil bhfuil an ceart againn “*go mba chóir go mbeadh ar chumas Phádraig cúram a fháil anseo ina thír féin, áit ina gcónaíonn a thuismitheoirí agus a chairde.*” Leanann sé ar aghaidh le rá go bhfuil “*an córas sláinte atá againn anseo i láthair na huaire mí-shásúil; níl ar a cumas cóir leigheas a chur ar a othair uile nuair is mó gá leo é.*”

Ar an drochuair, seachas bearta deimhin a mholadh le dul i ngleic leis an gcúinse míshásúil seo, déanann sé tagairt do thuairiscí, pleananna agus páipéirí stráitéise, roinnt dóibh foilsithe, roinnt dóibh fós faoi bhreithniúchán, iad go léir ar thóir dul chun cinn i gcursaí sláinte in Éirinn. Ina measc seo tá plean le *cur in ionad*, ach ní le forbairt, na hachmhainní athshlánúcháin láithreach, chomh maith le tagairt go dtí an *Polasaí agus Straitéis Náisiúnta de soláthar Seirbhísí Néar-Athslánú in Éirinn 2011-2015*, a shoiléiríonn go mbeidh gach polasaí luaite sa phlean *neodrach ó thaobh costais*. – Seo go léir ar bharr an ganntanas iomráiteach de chúram athshlánúcháin oiriúnach. Chomh maith le sin, bunaithe ar ár n-eolas, taithí agus cumarsáid féin leis an Ospidéal Athshlánúcháin Náisiúnta (OAN), creidimid go bhfuil ráiteas an Taoisigh maidir le laghdú ar na hamanna feithimh ó 2011 san OAN mícheart ar fad.

Cé is measa fós, ainneoin nach bhfuil aon agó maidir leis an easpa seirbhísí athshlánúcháin oiriúnacha in Éirinn, agus go bhfuil an ceart ag saoránach na hÉireann cúram leigheas a fháil thar sáile má tá an cúram ar fáil in Éirinn ach munar féidir é a fháil sa tír gan rómhoill, dúirt comhairleoir an OAN linn go díreach gur chuir amú ama a bheadh ann ag cur iarratais isteach faoi scéim E112 an FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) chun cúram leigheas a fháil thar lear. Déanadh é a thriail cheana, níor ghlacadh leis, agus ní bheadh ann ach “cur amú ama” ag cur isteach ar arís.

Dar ndóigh, ní cás indibhidiúlach é an cás againne. Tá go leor othar le gortuithe inchinne diain ar a bhfuil faillí á dhéanamh ag córas sláinte an stáit, córas nach bhfuil ag tabhairt aire dá othair. Fágtha i gcruachás ceart, leanann na teaghlaigh gach bealach atá fós fágtha acu, ina measc brústocaireacht a bpolaiteoirí áitiúla chun cabhrú le cás an othair, ag tiomsú airgid agus ag athmhórgáistiú an teach chun costas cóir leigheas práinneach a chlúdach, agus ag caitheamh lá i ndiaidh lae ag taobh an leaba chun sláinte an othair a chosaint i mbardaí atá ag soláthar cúram mí-oiriúnach. Ní dhearna agus ní dhéanfaidh páipéarí polasaíthe agus tuairiscí difir sa chás doghlactha seo. Ní féidir leis an stát neamhaird a thabhairt ar an dualgas atá acu cúram agus cabhair a thabhairt do na saoránaigh is leochailí, nó bunriachtanais na saoránaigh sin a shéanadh, nó iad a fhágáil chun aire a thabhairt dóibh féin. Níor phlé an Taoiseach an scannal daonna, práinneach, agus leanúnach seo ina litir. Táimid ag súil le labhairt le James Reilly agus oifigigh ón Roinn Sláinte chun bealaí a aithint le faoiseamh a thabhairt dúinn, agus do go leor teaghlaigh eile sa chás céanna linn, a rachadh i bhfeidhm sa gearrthréibhse, agus go hidéalach, in Éirinn í féin.

Patricia O'Byrne and Reinhard Schäler